# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2025

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## **Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.
- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.

| 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbartha go pointe áirithe | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá déanta ar an ráiteas |

| 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbartha go pointe áirithe | • Leath-thuairim | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá déanta ar an ráiteas |

| 4 | 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Dona** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br><br>• Forbartha go pointe áirithe | • Leath-thuairim | • Eolas ar deacair meabhair a bhaint as nó nach bhfuil ag teacht le chéile | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá déanta ar an ráiteas |

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025**
**SCÉIM MHARCÁLA**
**EACNAMAÍOCHT**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

## INNÉACS DO CHEISTEANNA


| Níl. | Topaic | Leathanach/ Leathanaigh |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara agus Marcáil Thuairisciúil a Úsáid | 2 |
| | Innéacs do Cheisteanna | 3 |
| | Nótaí mínithe a úsáidtear | 4 |
| | Roinn A | 5 – 15 |
| | Roinn B | 16 – 41 |
| 11 | Iomaíocht Fhoirfe / Teorainn Paisinéirí Aerfort Bhaile Átha Cliath | 16 – 18 |
| 12 | Buiséadú Rialtais / Ioncam Náisiúnta / BCE agus rátaí úis | 19 – 21 |
| 13 | Ganntanais lucht saothair / Costais / CINanna agus Bonneagar Poiblí | 22 – 25 |
| 14 | Iompórtálacha agus AE / ODA agus LDCanna / IFD | 26 – 31 |
| 15 | Fiontraithe agus Fáilteachas / Éileamh / Laghdú fiachais | 32 – 36 |
| 16 | Cánachas indíreach / Boilsciú / Athrú aeráide agus BRD | 37 – 41 |
| | Tionscadal Taighde Scoláire | 42 – 44 |

**Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.**

| Nóta Mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓ 1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓ 2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓ 3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓ 4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓ 5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓ 6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓ 7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓ 8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ 9 | Faisnéis bhailí | 9 |
| ✓ 10 | Faisnéis bhailí | 10 |
| ✓ 11 | Faisnéis bhailí | 11 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis | N/B |

## Roinn A

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Freagraí Féideartha</th><th>Uas. mharc</th></tr>
<tr><td>1</td><td></td><td>Chuir POS (CSO) an t-eolas seo a leanas ar fáil i mí Mheán Fómhair 2024.<br><br>Bhí praghsanna mórdhíola leictreachais i mí Lúnasa 2024 tagtha anuas beagnach 75% ón mbuaicphraghas a taifeadadh i mí Lúnasa 2022<br><br>source cso.ie</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(i)</td><td>Cad dó a seasann na túslitreacha POS? Tá an litir S déanta chun cuidiú leat.<br><br><table><tr><td>An Phríomh</td><td>Oifig</td><td>Staidrimh</td></tr></table></td><td>2 @ 4</td></tr>
<tr><td></td><td>(ii)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin do thomhaltóirí na hÉireann a bhaineann le laghdú ar phraghsanna leictreachais.<br><br>Costas maireachtála níos ísle / caighdeán maireachtála níos airde - fágann praghsanna leictreachais níos ísle go mbíonn caighdeán maireachtála níos airde ag tomhaltóirí de réir mar a laghdaíonn an costas maireachtála.<br><br>Ioncam indiúscartha méadaithe - ós rud é gur riachtanas é leictreachas, d’fhágfadh praghsanna níos ísle go mbeadh níos mó airgid ag daoine le caitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí eile.<br><br>Níos lú brú ar phraghsanna - d’fhéadfadh laghdú ar an gcostas a bhaineann le hearraí a tháirgeadh agus a iompar a bheith mar thoradh ar phraghsanna leictreachais níos ísle, rud a laghdódh praghsanna earraí agus seirbhísí eile do thomhaltóirí.<br><br>D’fhéadfadh tomhaltóirí aistriú chuig roghanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol - d’fhéadfaí roinnt tomhaltóirí a dhreasú chun aistriú chuig feithiclí leictreacha nó chuig roghanna eile fuinnimh ghlais atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.<br><br>D’fhéadfadh coigilteas méadaithe a bheith ann – b’fhéidir go sábhálfadh tomhaltóirí an t-ioncam a shábhálfar trí phraghsanna níos ísle.</td><td>4</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

**2**

**Freagair (a) nó (b).**

**(a)** Mar chuid de Bhuiséad 2025, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley, an beart thíos.

> Leathnú ar Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce chun na scoláirí ar fad sa tSraith Shinsearach i scoileanna aitheanta iar-bhunscoile laistigh den scéim saoroideachais a chuimsiú.

Arna chur in oiriúint ó gov.ie

An gceapann tú go léiríonn na bearta thuas úsáid éifeachtúil acmhainní tearca?
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos chun do thuairim a chur in iúl agus cosain do fhreagra. **12**

**Tá**

**An costas a bhaineann le freastal ar scoil laghdaithe -** cuidíonn sé le daltaí a choinneáil san oideachas toisc go bhfuil níos lú costas ag baint le freastal ar scoil.

**Laghdaíonn sé éagothroime -** caithfidh tuismitheoirí níos lú airgid a chaitheamh chun go bhfanfaidh a leanaí ar scoil agus d'fhéadfadh sé seo na leanaí sin a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar fhágáil na scoile a spreagadh chun fanacht.

**Éiríonn an t-oideachas dara leibhéal níos saoire anois** – d'fhéadfadh sé sin borradh breise a chur faoin bhfás geilleagrach agus cuidiú leis an mbochtaineacht a mhaolú.

**Níl**

**Níl sé cothrom** – ba cheart tástáil acmhainne a dhéanamh air, ionas nach bhfaighidh ach iad siúd nach bhfuil d'acmhainn acu íoc as leabhair an tacaíocht is gá.

**Má tá sé spriocdhírithe ar bhealach níos fearr orthu siúd is mó a bhfuil gá acu leis** – laghdófar na costais, rud a shábhálfaidh acmhainní ganna.

**Dúnadh gnólachtaí** – nuair a tugadh isteach é, ní raibh an dara rogha ag go leor gnólachtaí beaga ach dúnadh, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach i réimsí áirithe; caillteanas post srl. (a d'fhéadfadh cúnamh rialtais a bheith ag teastáil uathu).

**Costas deiseanna -** tá fadhbanna eile níos suntasaí laistigh den oideachas nó den tsochaí a d'fhéadfadh an t-airgead seo freastal níos fearr orthu m.sh. Cúntóirí riachtanas speisialta, oideachas RSO, an ghéarchéim tithíochta, bonneagar, cúram sláinte srl.

**NÓ**

**(b)** Tá sé beartaithe ag Rialtas na hÉireann go mbeidh barrachas sa bhuiséad reatha arís don bhliain 2025.

Mínigh an téarma **barrachas i mbuiséad reatha an rialtais**.

Nuair a sháraíonn ioncam reatha an rialtais caiteachas reatha an rialtais.

| 3 | | **Freagair (a) nó (b).**<br><br>Osclaíodh an leabharlann is nuaí in Éirinn le déanaí i gCill Chainnigh agus fógraíodh infheistíocht bhreise de €25 milliún sa tSeirbhís Leabharlainne Poiblí.<br>Arna chur in oiriúint ó gov.ie | |
|---|---|---|---|
| | **(a)** | Tabhair breac-chuntas ar shochar príobháideach amháin **nó** ar shochar sóisialta amháin a bhaineann leis an úsáid mhéadaithe de leabharlanna poiblí.<br>Cuir tic (✓) sa bhosca cuí faoin gceann atá á fhreagairt agat.<br><br>**Buntáiste Príobháideach**<br><br>**Caipiteal daonna méadaithe** - is féidir le daoine i bpobail bhochta nó iad siúd nach bhfuil rochtain acu ar theicneolaíocht rochtain a fháil ar theicneolaíocht, ar chomhairle agus ar eolas sna leabharlanna seo.<br><br>**Spiorad pobail –** is féidir leis na leabharlanna a bheith ina n-áiteanna sóisialta do dhaoine ina bpobal, rud a chuireann ar a gcumas bualadh le daoine agus sóisialú. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le spiorad pobail a fhorbairt.<br><br>**Soghluaisteacht mhéadaithe an lucht saothair –** maidir le daoine atá dífhostaithe, tá rochtain acu anois ar shaoráidí cuardaigh poist.<br><br>**Buntáiste Sóisialta**<br><br>**Mol pobail -** is féidir leis cabhrú le dul i ngleic leis na costais sheachtracha a bhaineann le huaigneas / leithlisiú méadaithe sa tsochaí.<br><br>**Cabhraigh le lucht saothair níos táirgiúla a chruthú -** is féidir le rochtain saor in aisce ar eolas agus ar fhaisnéis cabhrú le lucht saothair agus sochaí níos oilte, níos táirgiúla agus níos caoinfhulangaí a chruthú**.**<br><br>**Rochtain saor in aisce ar imeachtaí, lena n-áirítear cainteanna agus pléití** dóibh siúd nach mbeadh in ann freastal orthu murach sin, rud a chuirfeadh feabhas ar an meabhairshláinte. | 12 |

| | (b) | Ba cheart don Rialtas leanúint de bheith ag tacú le himeachtaí idirnáisiúnta spóirt a óstáil in Éirinn, amhail an Craobhchomórtas Gailf Oscailte agus Euro 2028 UEFA.<br><br>Cuir in iúl le tic (✓) cé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo. Cosain do fhreagra.<br><br>**Aontaím**<br><br>**Méadú ar ioncam turasóireachta** – cuireann teacht roinnt mhaith cuairteoirí idirnáisiúnta borradh faoi chaiteachas in óstáin/bialanna/nithe is díol spéise do thurasóirí áitiúla srl.<br><br>**Cruthú post** – cruthaíonn na himeachtaí poist shealadacha / poist bhuana in earnálacha na tógála, an fháilteachais agus na bainistíochta imeachtaí.<br><br>**Forbairt bonneagair** – is minic a bhíonn feabhas ar an mbonneagar, amhail iompar, mar thoradh ar imeachtaí spóirt idirnáisiúnta a óstáil, rud a d'fhéadfadh buntáistí fadtéarmacha a bheith aige don daonra áitiúil.<br><br>**Borradh faoi mhuinín eacnamaíoch** – d'fhéadfadh na himeachtaí seo bród náisiúnta/meon tomhaltóirí a mhéadú sa tír óstach. D'fhéadfadh sé seo caiteachas tomhaltóirí a threisiú le linn an imeachta agus cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil a spreagadh.<br><br>**Ní aontaím**<br><br>**Costas ard** – d'fhéadfadh costais don tír óstach maidir le bonneagar, slándáil, bainistíocht imeachtaí srl. a bheith suntasach agus d'fhéadfadh siad na buntáistí a shárú.<br><br>**Costas deise** – ciallaíonn caiteachas rialtais ar an imeacht nach féidir na cistí sin a chaitheamh ar réimsí eile den gheilleagar, rud a d'fhéadfadh sochair fhadtéarmacha a ghiniúint do shaoránaigh áitiúla, m.sh. ar chúram sláinte, ar thithíocht, ar oideachas srl.<br><br>**Riosca caillteanais eacnamaíoch** – d'fhéadfadh caillteanais airgeadais shuntasacha a bheith ag an tír óstach, mura n-éiríonn leis na réamh-mheastacháin ioncaim ó thurasóireacht agus urraíocht.<br><br>**Áiseanna tearcúsáidte** – i ndiaidh an imeachta, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ionaid speisialaithe nuathógtha in úsáid go leordhóthanach. Mar thoradh air sin, cuirtear acmhainní amú agus cuirtear costais chothabhála leanúnacha ar fáil.<br><br>**Damáiste don chomhshaol** – d'fhéadfadh fadhbanna comhshaoil a bheith mar thoradh ar thionscadail tógála ar mhórscála agus ar theacht cuairteoirí, amhail méadú ar thruailliú / méadú ar bhruscar / méadú ar bhrú ar acmhainní fuinnimh agus uisce srl. | 12 |
|---|---|---|---|

| 4 | | **Freagair (a) nó (b).**<br><br>Tá dea-scéala i mBuiséad 2025 d'oibrithe ar fud na hÉireann. Sábhálfaidh an gnáthoibrí ar a laghad €1,000 a bhuíochas do bhearta ar a n-áirítear athruithe ar an tairseach do réim chánach níos airde (**rud a chiallaíonn go mbeidh cáin á gearradh ar níos lú ioncaim ag an ráta níos airde 40%**) mar aon le ciorruithe MSU agus íocaíochtaí costas maireachtála.<br><br>Arna chur in oiriúint ón Irish Independent | |
|---|---|---|---|
| | (a) | Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin ar thug an rialtas na bearta thuas isteach.<br><br>**Chun cabhrú le daoine le géarchéim an chostais mhaireachtála / boilsciú -** de réir mar atá daoine ag déileáil le praghsanna níos airde ar earraí agus seirbhísí agus íocaíochtaí cíosa / morgáiste, ligfidh na bearta seo do dhaoine níos mó dá gcuid airgid a choinneáil agus déileáil leis na costais bhreise seo.<br><br>**Chun fás geilleagrach a mhéadú -** de réir mar a choinníonn oibrithe níos mó dá gcuid airgid, b'fhéidir go gcinnfidís níos mó a chaitheamh sa gheilleagar, rud a chuirfeadh le fás geilleagrach agus muinín ghnó níos mó, agus b'fhéidir go n-íocfaí cánacha níos indírí amhail CBL.<br><br>**Chun cabhrú leis an éagothroime a laghdú** – má tá na bearta costais mhaireachtála dírithe ar ghrúpaí ar ioncam íseal, d'fhéadfadh na bearta sin cabhrú le héagothromaíochtaí a laghdú agus ioncam a dháileadh ar bhealach níos fearr.<br><br>**NÓ** | 12 |
| | (b) | An bhfuil deischostas ag baint leis na bearta seo don rialtas?<br>Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos agus mínigh do fhreagra.<br><br>**Tá**: ✓ / **Níl**: <br><br>**Níos lú ioncam cánach don rialtas agus do sheirbhísí poiblí -** d'fhéadfaí go bhfágfadh sé sin go bhfuil níos lú airgid ag an rialtas le caitheamh ar réimsí eile den bhuiséad / d'fhéadfaí go mbeadh seirbhísí poiblí tearcmhaoinithe mar thoradh air seo.<br><br>**Tá an rialtas ag brath níos mó anois ar ioncam ó cháin chorparáide -** d'fhéadfaí go bhfágfadh sé sin go bhfuil an rialtas ag brath níos mó anois ar cháin chorparáide mar chineál ioncaim agus b'fhéidir nach mbeadh sé sin inbhuanaithe.<br><br>**Úsáid mhalartach cistí -** in ionad ciorruithe cánach, d'fhéadfadh an rialtas na cistí a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i gcruthú post, i mbonneagar nó i nuálaíocht. D'fhéadfadh sé na cistí a úsáid chun feabhas a bhfuil géarghá leis a chur ar sheirbhísí poiblí. | |

| 5 | | Táthar ag súil go bhfásfaidh OTI na hÉireann de 3.6% sa bhliain 2025 de bharr feabhas sa trádáil dhomhanda, laghdú ar bhoilsciú agus margadh saothair láidir.<br>Arna chur in oiriúint ó Europa.eu | |
|---|---|---|---|
| | (i) | Céard dó a seasann na túslitreacha OTI (GDP)? Tá an litir **T** déanta chun cuidiú leat. | 4 |
| | (ii) | Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin do shaoránaigh na hÉireann a bhaineann le **OTI a bheith ag méadú**. | 8 |

| | | |
|---|---|---|
| **OLL** | TÁIRGEACHT | **INTÍRE** |

**Ioncaim / caighdeáin mhaireachtála níos airde -** is minic a bhíonn pá níos airde agus ioncam indiúscartha d'oibrithe mar thoradh ar OTI a mhéadú. Tá d'acmhainn ag daoine íoc as tithíocht, cúram sláinte, oideachas agus gníomhaíochtaí fóillíochta níos fearr.

**Deiseanna fostaíochta méadaithe -** spreagann fás geilleagrach gnólachtaí chun leathnú, rud a chruthaíonn níos mó post. Is gnách go laghdaíonn rátaí dífhostaíochta, rud a laghdaíonn an spleáchas ar leas sóisialach.

**Méadú ar ioncam cánach a fhaightear do rialtas na hÉireann -** tríd an OTI a mhéadú, bíonn níos mó ioncaim cánach don rialtas gan na rátaí cánach a mhéadú. Leis sin, beifear in ann cúram sláinte, oideachas, iompar poiblí agus bonneagar níos fearr a chur ar fáil.

**Leas sóisialta agus tacaíochtaí níos fearr -** is féidir leis an rialtas níos mó a infheistiú i gcláir shóisialta, amhail pinsin, sochair mhíchumais, agus liúntais leanaí. Cabhraíonn sé sin leis an mbochtaineacht a laghdú agus cuireann sé feabhas ar cháilíocht na beatha do ghrúpaí leochaileacha.

**Níos mó Infheistíochta i mBonneagar -** trí OTI a mhéadú, is féidir infheistíocht a dhéanamh i mbóithre, in iompar poiblí, i leathanbhanda agus i dtithíocht. Cuireann sé sin borradh faoin éifeachtúlacht gheilleagrach agus laghdaíonn sé an brú tráchta agus an ganntanas tithíochta.

**Fás Gnó agus Nuálaíocht -** meallann geilleagar atá ag fás infheistíocht intíre agus eachtrach araon. Tá níos mó rochtana ag gnólachtaí ar chaipiteal le haghaidh leathnaithe, nuálaíochta agus cruthú post.

**6**

Tuairiscíodh go bhfuiltear chun cosc a chur ar ghaltoitíní aon uaire in Éirinn.
Thug an t-iarAire Ossian Smyth éigeandáil sláinte ar ghaltoitíní aon uaire agus dúirt sé gur eipidéim iad i measc déagóirí.

Tabhair breac-chuntas ar chostas príobháideach **amháin** don duine aonair agus costas sóisialta **amháin** don tsochaí a bhaineann le galtoitíní aon uaire.

**1ú x 8**
**2ú x 4**

**Costas príobháideach**

**Costas airgeadais –** an praghas nach mór a íoc as na galtoitíní indiúscartha agus/nó an costas a bhaineann le hiarracht a dhéanamh deireadh a chur lena n-úsáid.

**Cáilíocht na beatha** – d'fhéadfadh vápáil cáilíocht do bheatha a laghdú agus do shláinte a chur i mbaol.

**Riosca andúile** – d'fhéadfadh úsáid galtoitíní a bheith ina cúis le húsáideoirí aistriú chuig caitheamh toitíní agus na fadhbanna a bhaineann le caitheamh tobac mar thoradh air sin.

**Am a chailltear ag an obair / ar scoil** – d'fhéadfadh am caillte ag an obair / ar scoil agus am laghdaithe don teaghlach agus do chairde mar gheall ar fhadhbanna leighis nó andúil a bheith mar thoradh ar vápáil.

**Costas Sóisialta**

**Costais cúraim sláinte** - is féidir brú breise a chur ar FSS déileáil le fadhbanna sláinte a eascraíonn as vápáil a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar thríú páirtithe.

**Tionchar diúltach ar theaghlaigh agus ar chairde** - is féidir tionchar diúltach a bheith ag na tocsainí i dtoitíní leictreonacha ar shláinte an teaghlaigh agus na gcairde.

**Díobháil don chomhshaol** - cuireann go leor daoine a úsáideann galtoitíní indiúscartha le bruscar agus is fadhb don chomhshaol é an easpa in-athchúrsáilteachta a bhaineann leo.

**Costas méadaithe a bhaineann le bruscar a bhaint** – d'fhéadfadh sé go mbeadh costais mhéadaithe ar chomhairlí áitiúla as galtoitíní aischurtha a bhaint agus d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid níos fearr as na cistí sin.

**7** Sa ghrafaic thíos, taispeántar líon na ndaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn in Éirinn sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2024.




Arna chur in oiriúint ó cso.ie

**(i)** Tá ardú 243,700 sa líon daoine atá in aois 65 agus os a chionn. **4**

Ríomh céatadán an ardaithe i líon na ndaoine in aois 65 agus os a chionn idir 2014 agus 2024. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

$$\frac{243,700}{589,500} \times \frac{100}{1} = 41.3\%$$

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an ardú seo i líon na ndaoine in aois 65 agus os a chionn **do Rialtas na hÉireann.** **8**

**Caiteachas pinsin stáit méadaithe -** beidh ar an rialtas níos mó a chaitheamh ar phinsin stáit sna blianta amach romhainn mar go mbeidh níos mó daoine anois san aoisghrúpa seo.

**Caiteachas méadaithe ar chúram sláinte –** d'fhéadfadh brú méadaithe a bheith ar sheirbhísí cúraim sláinte agus, dá bhrí sin, tagann méadú ar an gcaiteachas is gá sa réimse sin de réir mar a d'fhéadfadh cóireáil a bheith ag teastáil ó níos mó daoine.

**D'fheadfadh laghdú teacht ar an ioncam ó chánachas –** de réir mar a théann níos mó daoine ar scor, d'fhéadfadh sé go raibh siad sa réim cánach ioncaim níos airde agus, dá bhrí sin, go dtitfidh an t-ioncam. Beidh níos mó brú orthu siúd a fhanann sa lucht saothair ioncam cánach breise a sholáthar don stát.

**Caillteanas oibrithe oilte –** d'fhéadfadh sé go gcaillfí na hoibrithe a théann ar scor agus a scileanna agus saineolas don lucht saothair / bheadh sé deacair saineolas agus eolas chomh maith céanna a fháil.

**An gá méadaithe atá ag an rialtas seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine** – d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an stát féachaint ar na seirbhísí sin a chur ar fáil a choinníonn an aoisghrúpa sin sláintiúil, aclaí agus gníomhach.

**Riachtanais lóistín**: táthar ag tuar go mbeidh 1,500 leaba bhreise ag teastáil gach bliain sna 25 bliana amach romhainn i dtithe altranais. Ní mór foireann a bheith acu, mar sin is gá pleanáil a dhéanamh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 | (i) | Cuir in iúl le tic (✓) cé acu de na gnólachtaí seo a leanas a fheidhmíonn i struchtúr **margaidh monaplachta** in Éirinn. | 1ú x 8<br>2ú x 4 |

| Ainm na hEagraíochta | Taispeáin le tic (✓) cé acu ar struchtúr monaplachta é |
|---|---|
| **Ryanair** | |
| **An Post** (seirbhís poist do litreacha) | ✓ |
| **Vodafone** | |

**(ii)** I struchtúr margaidh monaplachta, tá **bacainní ar iontráil**.
Tabhair breac-chuntas ar bhacainn amháin a d'fhéadfadh a bheith ar iontráil.

- Féadfaidh an **Rialtas** an t-aon cheart amháin a thabhairt do chuideachta earra a tháirgeadh nó seirbhís a chur ar fáil.
- Tabharfaidh **paitinn / cóipcheart** an t-aon cheart amháin do ghnólacht do phróiseas déantúsaíochta ar leith do thráchtearra ar leith.
- **Féadfaidh gnólachtaí comhaontuithe trádála a dhéanamh** le soláthraithe eile, is é sin, comhcheilg a dhéanamh leo ionas nach féidir le haon ghnólacht eile an táirge nó an tseirbhís a sholáthar sa mhargadh.
- **Féadfaidh cuideachta an ceart aonair a fháil ar na hamhábhair atá ar fáil** agus dá bhrí sin monaplacht a fháil sa tionscal sin m.sh. cuideachta sirtheoireachta ola.
- I gcás roinnt tionscal, **bíonn an caipiteal atá ag teastáil chun bunú sa tionscal sin chomh mór sin** nach féidir ach leis an gcuideachta atá in ann an caipiteal riachtanach a bhailiú feidhmiú sa mhargadh.
- **Trí chumasc a dhéanamh le hiomaitheoir nó tríd an iomaitheoir a cheannach amach**, is féidir le gnólacht a bheith mar sholáthraí monaplachta sa tionscal sin.
- **Féadfaidh duine aonair nó grúpa daoine aonair, trí eagla, forneart nó bagairtí,** stop a chur le daoine aonair eile a bheith in iomaíocht leis an soláthróir m.sh. soláthar drugaí mídhleathacha.
- **Is féidir le monaplaí praghsanna a shocrú chomh** híseal sin nach féidir le dreamanna nua sa mhargadh dul in iomaíocht leis na praghsanna agus bíonn orthu an margadh a fhágáil dá bharr.

| 9 | | I mí Mheán Fómhair 2024, sheol Apple an Apple Watch sraith 10.<br><br>Sa tábla thíos, cuir in iúl le tic (✓) an earra **ionaid** nó earra **comhlántach** do Apple Watch sraith 10 iad na hearraí seo.<br>Mínigh an fáth le do rogha i ngach cás. | 2 @ 6 |
|---|---|---|---|

| | Earra Ionaid | Earra Comhlántach | Cúis |
|---|---|---|---|
| Apple iPhone 16 | | ✓ | Is féidir iPhone Apple a úsáid in éineacht le huaireadóir Apple.<br>Má tá earra amháin agat, is féidir leat an t-earra eile a úsáid. |
| Samsung Galaxy watch 7 | ✓ | | Cheannófaí uaireadóir Samsung in ionad uaireadóir Apple, rud a d'fhágfadh gur earra ionadach é. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10** | | Beidh a gcéad cheolchoirm in Éirinn le 16 bliana ag Oasis i mí Lúnasa 2025. Beidh sí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, staid a bhfuil spás ann do 82,300 duine ar a mhéad.<br>Arna chur in oiriúint ó the Irish Times | |
| | **(i)** | Tabhair breac-chuntas ar thoisc amháin, seachas praghsanna na dticéad, a mbeadh éifeacht aici ar éileamh an tomhaltóra ar an gceolchoirm seo.<br><br>**Ioncam Tomhaltóirí -** d'fhéadfadh ioncam tomhaltóirí a bheith méadaithe, agus sa chás sin, d'fhéadfadh méadú teacht ar éileamh daoine ar thicéid ceolchoirme freisin.<br><br>**Dúil agus roghanna -** d'fhéadfadh an-tóir a bheith ag roinnt daoine ar Oasis / d'fhéadfadh sé go bhfuil a gcairde á dhéanamh, agus d'fhéadfadh sé seo difear a dhéanamh don éileamh ar thicéid.<br><br>**Tosca séasúracha** - b'fhéidir gur mhaith le daoine áirithe freastal ar cheolchoirmeacha níos mó i rith an tsamhraidh, rud a fhágann go méadóidh an t-éileamh mar thoradh ar na gigeanna mar beidh siad ar siúl i mí Lúnasa.<br><br>**Tosca neamhbheartaithe –** b'fhéidir gur mhaith le roinnt tomhaltóirí a n-óige a athbheochan agus ós rud é nach raibh ceolchoirm ar siúl ag an mbanna le fada an lá beidh éileamh méadaithe air.<br><br>**Athrú ar phraghas earra ionaid nó earraí comhlántacha:** dá n-ardódh praghsanna lóistín, b'fhéidir go n-éireodh an t-éileamh ar thicéid níos lú tarraingtí. | **8** |
| | **(ii)** | Taispeántar sa léaráid thíos cuar an tsoláthair do thicéid don ócáid seo.<br>Mínigh an chúis atá leis an gcruth atá ar chuar an tsoláthair seo.<br><br><br><br><br>Cúis leis an gcruth:<br><br>Tá soláthar na dticéad socraithe ag 82,300.<br>Is é 82,300 an líon uasta suíochán atá i bPáirc an Chrócaigh.<br>Dá réir sin, is líne dhíreach cheartingearach é an cuar soláthair. | **4** |

| | | Ceist 11 | |
|---|---|---|---|
| | | **Freagraí Féideartha** | **Uas. mharc** |
| **(a)**<br><br>**20** | | San íomhá tá grianghraf ón Margadh Sasanach i gCathair Chorcaí.<br>Feidhmíonn an gnólacht seo in **iomaíocht fhoirfe** in áit ina bhfuil go leor táirgí aonchineálacha. | |
| | **(i)** | Mínigh an téarma eacnamaíochta **táirge aonchineálach** agus tabhair sampla amháin de tháirge aonchineálach.<br><br>**Míniú:**<br>Is **ionann** na táirgí a tháirgtear / tá siad mar an gcéanna.<br>Níl aon ghá le fógraíocht nó le hainmneacha brandaí a úsáid.<br><br>**Sampla:**<br>Tráchtearraí amhail cruithneacht, amhola, ór, agus amhábhair eile, i gcás ina bhfuil gach aonad mar an gcéanna go bunúsach beag beann ar a thionscnamh.<br><br>Earraí Caighdeánaithe **-** táirgí amhail stroighin, cruach, agus ceimiceáin mórchóir a chomhlíonann caighdeáin agus sonraíochtaí tionscail, rud a fhágann gur féidir úsáid chomhionann a bhaint astu.<br><br>Torthaí agus Glasraí de réir mar a dhíoltar iad i margadh sráide mór. | **6** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá bhonn tuisceana faoin iomaíocht fhoirfe (seachas táirgí aonchineálacha).<br><br>**Tá go leor ceannaitheoirí sa tionscal -** ní féidir le haon cheannaitheoir aonair tionchar a bheith acu ar phraghas margaidh na n-earraí trína ghníomhartha féin.<br><br>**Tá go leor díoltóirí sa tionscal -** ní féidir le haon díoltóir aonair tionchar a bheith acu ar phraghas margaidh na n-earraí trína ghníomhartha féin.<br><br>**Déanann an gnólacht iarracht na brabúis a uasmhéadú -** is é is aidhm do gach cuideachta an chainníocht sin a tháirgeadh i gcás MC = MR. Déanfaidh gach cuideachta iarracht na costais a íoslaghdú.<br><br>**Tá eolas foirfe ann -** tá gach gnólacht ar an eolas faoi na brabúis a thuilleann gnólachtaí eile sa tionscal. Tá gach tomhaltóir ar an eolas faoi na praghsanna atá á ngearradh ag gnólachtaí.<br><br>**Tá sé saor in aisce dul isteach nó amach as an tionscal -** níl aon bhacainní ar dhul amach nó ar dhul isteach sa tionscal.<br><br>**Gan aon chlaonpháirteachas sa mhargadh -** ní bhíonn ceannaitheoirí ag grúpáil le ceannaitheoirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas. Ní bhíonn díoltóirí ag grúpáil le díoltóirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas ar a ndíoltar an táirge.<br><br>**Soláthar leaisteach tosca táirgeachta -** is féidir le cuideachtaí na tosca táirgeachta ganna a fháil ag praghsanna atá ann cheana. Ní fhágfaidh ganntanas tosca táirgeachta go mbeidh praghsanna níos airde. | **1ú x10**<br>**2ú x 4** |

**(b)** **32**

Sa léaráid thíos, taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe**.




**(i)** Scríobh amach ina iomláine cad dó a seasann **trí** cinn ar bith de na ceithre lipéad seo a leanas. **24** **3 @ 8**

| | |
|---|---|
| **CI** | **Costas Imeallach** |
| **C** | **Cainníocht** |
| **D=AR=MR** | **Éileamh / Ioncam Meánach / Ioncam Imeallach** |
| **AC** | **Costas Meánach** |

**(ii)** Bíonn cothromaíocht ann ag **pointe E** ar an léaráid thuas. **4**

**Ar an léaráid thuas taispeáin agus lipéadaigh go soiléir:**

- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad **$Q_1$**)
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **$P_1$**).

**(iii)** Mar **thomhaltóir**, cad é príomhbhuntáiste an mhargaidh seo, dar leat? Mínigh do fhreagra. **4**

Praghsanna ísle - bíonn gnólachtaí iomaíoch agus mar sin ní mór dóibh oibriú ag an bpointe is ísle de AC, is é sin na praghsanna is ísle is féidir do thomhaltóirí.

Ní bhaintear leas as tomhaltóirí toisc go bhfuil faisnéis fhoirfe acu.

Fógraíocht ar bith – ní bhaintear leas as tomhaltóirí le fógraíocht áititheach.

Úsáid éifeachtúil acmhainní ganna – ós rud é go mbíonn gach gnólacht ag táirgeadh ag an bpointe meánchostais is ísle.

**(c)**

**23**

Tá uasteorainn de 32 milliún paisinéir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (teorainn ar líon na bpaisinéirí ar féidir leo dul tríd an aerfort in aon bhliain ar leith).
Sáraíodh an uasteorainn sin in 2024.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin, i do thuairim, a bhfuil uasteorainn curtha ar líon na bpaisinéirí ar féidir leo dul trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. **10**

**Astaíochtaí a laghdú –** cruthaíonn eitilt a lán astaíochtaí agus gás ceaptha teasa a mbeidh tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol. D'fhéadfadh teorainn cuidiú le hastaíochtaí a laghdú.

**An trácht timpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath a laghdú –** laghdóidh sé sin an brú tráchta do chónaitheoirí.

**Truailliú torainn a laghdú** – do chónaitheoirí áitiúla toisc go mbeidh níos lú eitleán ag eitilt, rud a laghdóidh an tionchar diúltach ar chónaitheoirí.

**Plódú a laghdú –** tá Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi bhrú cheana féin agus bíonn sé ar a lácacmhainn le linn tréimhsí gnóthacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le saoráidí a fheabhsú sular féidir níos mó paisinéirí a éascú.

**(ii)** Má fhanann an uasteorainn paisinéirí mar atá, tabhair breac-chuntas ar an éifeacht eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar gach ceann acu seo a leanas:

- Turasóireacht isteach go hÉirinn
- Aerfoirt eile in Éirinn, i.e. Corcaigh, Sionainn agus Aerfort Iarthar Éireann
- Fás geilleagrach in Éirinn.

**$1^{ú}$:7**
**$2^{ú}$:3**
**$3^{ú}$:3**

**Turasóireacht isteach go hÉirinn**
D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le laghdú ar an líon turasóirí a thabharfaidh cuairt ar Éirinn, trí Aerfort Bhaile Átha Cliath.
D'fhéadfadh sé sin an t-airgead atá ag teacht isteach sa tír a laghdú.
Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos costasaí do thurasóirí cuairt a thabhairt ar Éirinn, trí bhealach éigin eile, agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a bheith aige sin ar ghnólachtaí in Éirinn atá ag brath ar thurasóireacht.

**Aerfoirt eile in Éirinn, i.e. Corcaigh, Sionainn agus Aerfort Iarthar Éireann**
D'fhéadfadh aerlínte taisteal go haerfoirt eile in Éirinn a dhreasú.
D'fhéadfadh na haerfoirt seo a bheith níos saoire eitilt isteach iontu anois agus d'fhéadfadh níos mó tráchta isteach sna haerfoirt seo a bheith mar thoradh air sin.

**Fás geilleagrach in Éirinn**
D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar fhás geilleagrach na hÉireann.
Má thugann níos lú daoine cuairt ar Éirinn toisc go bhfuil sé níos costasaí é sin a dhéanamh anois – tiocfaidh laghdú ar an bhfás geilleagrach toisc go dtiocfaidh laghdú ar bhorradh faoin sreabhadh ciorclach toisc go bhfuil níos lú airgid á chaitheamh ag turasóirí sa tír.
D'fhéadfadh dífhostaíocht a bheith mar thoradh air sin freisin, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhfás geilleagrach.

## Ceist 12

| | | Freagraí Féideartha | Uas mharc |
|---|---|---|---|
| **(a)** 21 | | Sa phíchairt thíos, taispeántar caiteachas buiséadaithe reatha agus caiteachas buiséadaithe caipitiúil an rialtais don bhliain 2025. | |




**(i)** Ríomh an **caiteachas caipitiúil** mar chéatadán de chaiteachas iomlán an rialtais.
**Taispeáin do chuid oibre go léir.**

$$\frac{€14.9\ \text{bn}^{6}}{€105.4\ \text{bn}^{4}} \times 100^{2} = 14.14\,\%^{4}$$

16

**(ii)** I mBuiséad 2025, tá an rialtas ag cur €360 milliún ar fáil do thionscadail bhonneagair siúlóide agus rothaíochta ar fud na tíre.

Arna chur in oiriúint ó gov.ie

5

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu sampla é seo thuas de chaiteachas reatha **nó** de chaiteachas caipitiúil. Mínigh do fhreagra.

| Caiteachas Reatha | | Caiteachas caipitiúil | ✓ |
|---|---|---|---|

Is éard atá i gceist le **caiteachas caipitiúil** caiteachas ag an rialtas ar mhíreanna nach n-úsáidtear i rith na bliana / caiteachas arb é atá ann caiteachas aonuaire / fabhraítear a dtairbhí don fhadtéarma.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** <br> **28** | | Úsáidtear an fhoirmle seo a leanas chun an tIoncam Náisiúnta a ríomh: <br> **Ioncam Náisiúnta = T + Infheistíocht + C + E - Iompórtálacha** | |
| | **(i)** | Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha **T**, **C** agus **E**. <br><br> **T:** Caiteachas ar an **tomhaltas** <br> **C:** **Caiteachas an Rialtais** <br> **E:** **Easpórtálacha** | **12** |
| | **(ii)** | Is í an fhoirmle iolraitheora do gheilleagar oscailte ná: <br> $\frac{\mathbf{1}}{\mathbf{MPS + MPM}}$ <br><br> Glac leis gurb é 0.2 an MPS and 0.3 an MPM. <br> Úsáid an fhoirmle thuas agus ríomh méid an iolraitheora. <br> **Taispeáin do chuid oibre go léir.** <br><br> $\frac{1}{0.2 + 0.3} = \frac{1}{0.5} = \mathbf{2}$ | **12** <br> **4 @ 3** |
| | **(iii)** | Is geilleagar beag oscailte é geilleagar na hÉireann. <br> Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta **geilleagar oscailte**. <br><br> Is éard is **Geilleagar Oscailte** ann geilleagar ina dtarlaíonn trádáil idirnáisiúnta / ina ndéanann an tír earraí / seirbhísí a iompórtáil agus a easpórtáil. | **4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>26 | | I mí Dheireadh Fómhair 2024 ghearr an BCE (ECB) na rátaí úis de 0.25% eile.<br>Arna chur in oiriúint ó bloomberg.com | |
| | **(i)** | Cad dó a seasann na túslitreacha BCE (ECB)?<br><br>**An Banc** \| **Ceannais** \| **Eorpach** | **12**<br>**3 @ 4** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar **chuspóir amháin atá ag an BCE (ECB)**.<br><br>**Cobhsaíocht praghsanna a chinntiú**: is é is aidhm do BCE ráta boilscithe 2% a bhaint amach sa mheántéarma.<br><br>**Socraíonn sé rátaí úis (cuireann sé beartas airgeadaíochta chun feidhme)**: a thugann sé ar iasacht do bhainc thráchtála sa limistéar euro, rud a rialaíonn soláthar airgid agus boilsciú.<br><br>**Bainistíonn sé cúlchistí airgeadra eachtraigh limistéar an euro** agus ceannach nó díol airgeadraí chun tionchar a imirt ar phraghas an euro ó thaobh airgeadraí eile de.<br><br>**Cinntíonn sé go bhfeidhmíonn na margaí agus na n-institiúidí airgeadais go rianúil /** go ndéanann na húdaráis náisiúnta **maoirseacht mhaith orthu**, agus go n-oibríonn na córais íocaíochta go maith.<br><br>**Cinntíonn sé cobhsaíocht, sábháilteacht agus fóntacht an chórais airgeadais** ar fud an limistéir euro.<br><br>**D'fhéadfadh sé cúnamh leachtachta éigeandála a chur ar fáil:** do bhall-institiúidí airgeadais.<br><br>**Údaraíonn sé do thíortha an limistéir euro nótaí bainc euro a tháirgeadh.** | **4** |
| | **(iii)** | Mínigh an iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag na **laghduithe** seo ar na rátaí úis ar **gach ceann** díobh seo a leanas:<br>• Coigilteoirí in Éirinn<br>• Iasachtaithe a bhfuil morgáistí á n-aisíoc acu.<br><br>**Coigilteoirí in Éirinn**<br><br>Féadfaidh coigilteoirí a chinneadh níos lú a shábháil toisc go bhfuil dreasacht laghdaithe ann chun é seo a dhéanamh anois / tá ráta toraidh níos ísle á fháil acu.<br><br>**Iasachtaithe atá ag aisíoc morgáistí**<br><br>Beidh níos mó ioncaim indiúscartha ag tomhaltóirí: de réir mar a laghdaíonn rátaí morgáiste agus rátaí iasachta, beidh níos mó ioncaim indiúscartha ag tomhaltóirí le caitheamh ar earraí lánroghnacha. | **10**<br>**1ú x 6**<br>**2ú x 4** |

| Ceist 13 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Freagraí Féideartha** | **Uas mharc** |
| **(a)**<br><br>**26** | | Tá Éire gar don lánfhostaíocht i gcónaí agus tá ganntanais oibrithe oilte ag roinnt fostóirí in earnálacha éagsúla den gheilleagar. | |
| | **(i)** | Mínigh an toisc tháirgeachta **saothar**.<br><br>An iarracht a chuireann daoine (iarracht dhaonna) le táirgeadh earraí agus seirbhísí (saibhreas). | **7** |
| | **(ii)** | Luaigh dhá earnáil i ngeilleagar na hÉireann ina bhfuil ganntanas oibrithe oilte faoi láthair.<br><br>Eolaíocht agus innealtóireacht, TFC, cúram sláinte agus sóisialta, tógáil, oideachas, fáilteachas agus iompar agus lóistíocht. | **12**<br>**1ú x 8**<br>**2ú x 4** |
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar bheart eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann **nó** fostóirí a dhéanamh chun cuidiú le líon na n-oibrithe oilte a mhéadú sa gheilleagar.<br><br>Cuir tic (✓) sa bhosca cuí faoin gceann atá á fhreagairt agat.<br><br>**Rialtas na hÉireann**<br><br>**Gairmoiliúint a fhóirdheonú** – d'fhéadfadh an rialtas cistiú a leithdháileadh chun gairmoiliúint, printíseachtaí agus cláir uas-scilithe a fhóirdheonú i dtionscail a bhfuil ganntanas lucht saothair ag bagairt orthu. Buntáistí cánach a thabhairt do ghnólachtaí nó d'oibrithe atá ag obair sna hearnálacha sin.<br><br>**Infheistíocht san oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a mhéadú** – ar gach leibhéal, ón mbunscoil go dtí an t-oideachas treasach; áirítear leis sin curaclaim, oiliúint múinteoirí agus dreasachtaí a thabhairt cothrom le dáta do mhic léinn chun tabhairt faoi ghairmeacha ETIM, srl.<br><br>**Cláir ghairmoiliúna agus printíseachtaí a leathnú –** atá ag teacht le riachtanais an tionscail; dul i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí chun níos mó deiseanna a chruthú le haghaidh oiliúint phraiticiúil agus taithí oibre in earnálacha ardéilimh, srl.<br><br>**Foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh** – forbairt ghairmiúil leanúnach agus oideachas aosach a mhaoiniú; tacú le tionscnaimh a chuidíonn le hoibrithe uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh le linn a ngairmeacha, srl.<br><br>**Beartais a fhorbairt chun inimircigh ardoilte a mhealladh –** amhail próisis víosa chuíchóirithe agus beartais fhabhracha inimirce; timpeallacht fháilteach a chruthú a spreagann tallann idirnáisiúnta chun socrú síos agus cur le geilleagar na hÉireann, srl.<br><br>**beartais a chur chun feidhme lena dtacaítear le soghluaisteacht an lucht saothair –** amhail tithíocht inacmhainne, iompar poiblí iontaofa agus tionscnaimh forbartha réigiúnaí, chun a chinntiú gur féidir le hoibrithe oilte aistriú go héasca chuig na háiteanna ina bhfuil poist ar fáil, srl. | **7** |

**Fostóirí**

**Dreasachtaí** amhail aisíocaíocht teagaisc nó oiliúint ar an láthair oibre **a chur ar fáil** d'fhostaithe, rud a chuirfidh ar a gcumas scileanna nua a fháil.

**Nasc a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal** – ionas go gcuirfear cúrsaí iomchuí ar fáil a dhíríonn ar na scileanna sin a bhfuil éileamh ag fostóirí orthu.

**Tithíocht inacmhainne a chur ar fáil** – d'fhéadfadh na gnólachtaí sin a bhfuil sé d'acmhainn acu é a dhéanamh tithe / árasáin a cheannach chun lóistín a chur ar fáil d'oibrithe nach bhfuil d'acmhainn acu íoc as na praghsanna réadmhaoine atá ann faoi láthair.

**beartais a chur chun feidhme lena gcuirtear éagsúlacht inscne chun cinn san oideachas agus sa lucht saothair –** tacú le tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar bhacainní ar rannpháirtíocht na mban i dtionscail ardéilimh, amhail socruithe solúbtha oibre agus tacaíocht do chúram leanaí, srl.

**infheistíocht a dhéanamh sa litearthacht dhigiteach agus in ardchláir oiliúna TF chun oibrithe a ullmhú d'éilimh an gheilleagair dhigitigh –** tacú le tionscnaimh lena soláthraítear rochtain ar theicneolaíocht agus ar oiliúint i gceantair tuaithe agus i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu, srl.

**(b)** **(i)** Tugadh na sonraí thíos duit maidir le gnólacht.
Ar an ngrafpháipéar thíos tarraing agus lipéadaigh:

- na meánchostais (**MCh**) don ghnólacht seo.
- na costais imeallacha (**CI**) don ghnólacht seo.
- an t-ioncam imeallach (**II**) don ghnólacht seo.

23

**Ní mór duit ais na cainníochta agus ais na gcostas a chomhlánú/chríochnú.**

| Cainníocht (aonaid aschuir) | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais (MCh) in € | 300 | 250 | 200 | 300 |
| Costais Imeallacha (CI) in € | 150 | 100 | 200 | 400 |
| Ioncam Imeallach (II) ina € | 200 | 200 | 200 | 200 |




17

Aiseanna
2@2
MCh: 5
CI:5
II: 3

**(iii)** Mínigh ceann amháin de na téarmaí seo a leanas:
costas imeallach **nó** ioncam imeallach.

6

Is éard is **costas imeallach** ann an suimiú / an t-athrú sa chostas iomlán a thagann chun cinn nuair a mhéadaíonn aonad amháin an chainníocht a tháirgtear.

Is éard is **ioncam imeallach** ann ná an t-ardú / an t-athrú san ioncam iomlán a tharlaíonn nuair a mhéadaíonn an chainníocht a dhíoltar d'aon aonad amháin.

<table>
<tr><td>(c)<br><br>26</td><td></td><td>I measc na moltaí ón bpobal chun an €14 billiún d'airgead cánach Apple a úsáid, luadh cathair nua agus athaontú na hÉireann.<br>Arna chur in oiriúint ó RTE.ie</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(i)</td><td>Luaigh dhá chuideachta ilnáisiúnta eile, seachas Apple, atá ag feidhmiú in Éirinn.<br><br>Pfizer<br>Johnson & Johnson<br>Meta<br>Google<br><br>Glac le haon CIN atá i mbun gnó in Éirinn.<br><br>Ní féidir airgead cánach Apple 'a úsáid ar chaiteachas laethúil,' a deir an Taoiseach.<br>Arna chur in oiriúint ó RTE.ie</td><td>12:<br>1ú x 8<br>2ú x 4</td></tr>
<tr><td></td><td>(ii)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá réimse de bhonneagar poiblí a bhféadfadh an Rialtas infheistíocht a dhéanamh iontu as an €14 billiún d'airgead Apple (seachas cathair nua agus athaontú na hÉireann).<br><br>Cosain do fhreagra i ngach cás.<br><br>Glac le caiteachas bonneagair ábhartha<br><br>Tithíocht Shóisialta – níos mó tithíochta sóisialta agus inacmhainne a thógáil, rud a chuideodh le heaspa dídine agus leis an nglúin a bhraitheann nach bhfuil rochtain acu ar an margadh tithíochta faoi láthair.<br><br>Iompar poiblí – seirbhísí bus agus iarnróid a mhéadú i gceantair tuaithe / DART; LUAS; córais mheitreo a leathnú lenar féidir úsáid níos mó a bhaint as iompar poiblí.<br><br>Tógáil scoileanna – Feabhas a chur ar áiseanna i scoileanna, rud a fhágfaidh go mbeidh timpeallacht foghlama níos fearr ann do níos mó daltaí agus múinteoirí.<br><br>Bonneagar uisce – bonneagar uisce na hÉireann atá ag dul in aois a uasghrádú, rud a fhágann go mbeadh níos lú fógraí uisce faoi uisce brúite agus uisce óil sábháilte do níos mó daoine.<br><br>Infheistíocht a dhéanamh i soláthar leictreachais na hÉireann – tá méadú ag teacht ar an éileamh ar leictreachas agus ní mór ullmhú dá inbhuanaitheacht amach anseo.<br><br>Ionaid sláinte ospidéal a thógáil / a leathnú – ionas gur féidir leis an earnáil sláinte na seirbhísí is gá a sholáthar.</td><td>14<br>2 @ 7</td></tr>
</table>

| Ceist 14 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Freagraí Féideartha** | **Uas mharc** |
| **(a)**<br><br>**26** | | Tá €700 milliún á fháil ag Éirinn ó dhleachtanna custam toisc borradh de bharr an Bhreatimeachta.<br>Arna chur in oiriúint ó The Guardian 2024 | |
| | **(i)** | Mínigh an téarma eacnamaíochta **dleachtanna custam**.<br><br>Is éard is dleacht chustaim ann **cáin** a chuirtear ar earraí **a iompórtáiltear** isteach i dtír. | **6** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil **iompórtálacha** tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.<br><br>**Roghanna ag tomhaltóirí –** rogha mhéadaithe níos fearr /seirbhísí nach bhfuil ar fáil sa bhaile.<br><br>**Caighdeán maireachtála feabhsaithe –** cuireann an rogha níos leithne earraí / seirbhísí caighdeán maireachtála níos fearr ar fáil.<br><br>**Praghsanna níos iomaíche –** praghsanna níos ísle mar thoradh ar an iomaíocht mhéadaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus cuireann gnólachtaí an coigilteas sin ar aghaidh chuig tomhaltóirí.<br><br>**Rochtain ar amhábhair bhunriachtanacha –** tá iompórtálacha bunriachtanach do ghnólachtaí chun rochtain a fháil ar amhábhair bhunriachtanacha amhail ola / cruach.<br><br>**Rochtain ar earraí nua tomhaltais –** le hiompórtálacha bíonn fáil ar earraí a bheadh róchostasach / a mbeadh an iomarca caipitil ag teastáil lena dtáirgeadh ar bhonn intíre m.sh. gluaisteáin. | **16**<br>**1ú @ 10**<br>**2ú @ 6** |
| | **(iii)** | Tá iarratas ar bhallraíocht san Aontas Eorpach (AE) déanta ag an Úcráin agus an Mholdóiv. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil Éire **ag tacú lena mballraíocht san AE**.<br><br>**Deiseanna geilleagracha méadaithe –** le ballraíocht san Aontas Eorpach, d'osclófaí margaí nua san Úcráin agus sa Mholdóiv le haghaidh earraí agus seirbhísí de bhunús na hÉireann, rud a chruthódh deiseanna trádála agus a neartódh naisc gheilleagracha.<br><br>**Cobhsaíocht réigiúnach fheabhsaithe –** le ballraíocht san Aontas Eorpach, dhéanfaí an Úcráin agus an Mholdóiv a chomhtháthú i gcreat polaitiúil agus geilleagrach an AE, rud a chuirfeadh an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht chun cinn in Oirthear na hEorpa. Téann réigiún cobhsaí chun tairbhe do na Ballstáit uile, Éire san áireamh.<br><br>**Freagracht Dhaonnúil / Mhorálta –** I bhfianaise na gcruatan atá roimh an Úcráin mar gheall ar an gcogadh atá ann faoi láthair agus ról na Moldóive maidir le freastal ar dhídeanaithe, d'fhéadfadh Éire féachaint ar a n-aontachas leis an Aontas mar oibleagáid mhorálta dhaonnúil chun tacú le téarnamh agus forbairt na náisiún sin. | **4** |

**(b)**

**26**

Sa ghraf thíos, taispeántar méid an Chúnaimh Forbartha Thar Lear (ODA sa Bhéarla) atá curtha ag Éirinn chuig tíortha Tearcfhorbartha idir 2020 agus 2023.




**(i)** Déan trácht ar an treocht fhoriomlán i gCúnamh Forbartha Thar Lear (ODA) as Éirinn idir 2020 agus 2023 agus úsáid figiúirí ón ngraf thuas.
An forbairt dhearfach nó forbairt dhiúltach an treocht seo, dar leat? Mínigh do fhreagra. **16**

**Tuairim**
Tá méadú tagtha ar mhéid foriomlán na cabhrach atá á seoladh ag Éirinn thar lear ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2023. Sa bhliain 2020, €868 milliún a bhí ann, agus mhéadaigh sé sin go €2.6 billiún sa bhliain 2023.

**Míniú**

**Forbairt Dhearfach**

**Daonnúil**

**Laghdú na Bochtaineachta** – cuidíonn cabhair dhíreach airgeadais agus ábhartha le dálaí maireachtála na bpobal is boichte a fheabhsú.

**Feabhsuithe Sláinte** – le cabhair mhéadaithe, is féidir rochtain a chur ar fáil ar vacsaíní, ar chógais agus ar bhonneagar cúraim sláinte, rud a laghdóidh rátaí básmhaireachta agus a chuirfidh cosc ar leathadh galar.

**Slándáil Bia** – is féidir le cabhair dhaonnúil cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an míchothú agus ar an ocras, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag níos mó daoine ar bhia leordhóthanach cothaitheach.

**Feabhas ar an Oideachas** – cuireann cabhair do scoileanna, oiliúint múinteoirí agus ábhair foghlama le rátaí litearthachta agus cruthaíonn siad deiseanna do na glúnta atá le teacht.

**Fás agus Forbairt Gheilleagrach**

**Forbairt Bonneagair** – tacaíonn infheistíocht i mbóithre, leictreachas agus córais uisce le cobhsaíocht gheilleagrach fhadtéarmach.

**Cruthú Post** – cothaíonn maoiniú do ghnólachtaí áitiúla, don talmhaíocht agus don tionscal deiseanna fostaíochta.

**Acmhainneacht Trádála Fheabhsaithe** – cuireann forbairt gheilleagrach le cumas LDCanna dul i mbun trádála domhanda, rud a laghdaíonn an spleáchas ar chabhair le himeacht ama.

**Cobhsaíocht Shóisialta agus Polaitíochta**

**Coinbhleacht agus Imirce Laghdaithe** – trí aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an easpa acmhainní, cuidítear le héagobhsaíocht agus imirce éigeantach a chosc.

**Rialachas a Neartú** – cuireann cláir chabhracha a chuireann dea-rialachas agus bearta frithéillithe chun cinn feabhas ar chobhsaíocht pholaitiúil.

**Cearta Daonna Feabhsaithe** – is féidir grúpaí imeallaithe, lena n-áirítear mná agus leanaí, a chumhachtú trí thacaíocht a thabhairt d’athchóirithe dlíthiúla agus sóisialta.

**Buntáistí Domhanda**

**Idirspleáchas Geilleagrach** – cruthaíonn geilleagar LDC atá níos cobhsaí agus níos rathúla margaí nua don trádáil agus don infheistíocht.

**Sláinte Dhomhanda Fheabhsaithe** – trí ráigeanna galair a laghdú sna tíortha is lú in LDCanna, laghdaítear an baol go leathfaidh paindéimí ar fud an domhain.

**Caidreamh Idirnáisiúnta a Neartú** – trí chabhair a chur ar fáil, feabhsaítear naisc taidhleoireachta agus comhar domhanda.

**Forbairt Dhiúltach**

**Ábhair Imní Gheilleagracha agus Airgeadais**

**Brú Buiséadach ar Éirinn** – teastaíonn níos mó caiteachais rialtais chun cabhair eachtrach mhéadaithe a fháil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cánacha níos airde nó maoiniú laghdaithe do sheirbhísí intíre amhail cúram sláinte, oideachas nó bonneagar.

**Deischostas** – d'fhéadfaí cistí a leithdháiltear ar chabhair a úsáid le haghaidh infheistíochtaí intíre, amhail tithíocht, leas sóisialta, nó nuálaíocht.

**Riosca Spleáchais** – d'fhéadfadh spleáchas fadtéarmach ar chabhair neamhthuilleamaíocht gheilleagrach in LDCanna a dhíspreagadh, rud a laghdódh dreasachtaí don fhorbairt inbhuanaithe.

**Neamhéifeachtúlachtaí agus Éilliú**

**Mí-leithdháileadh Cistí** – d'fhéadfadh sé nach sroichfeadh airgead cabhrach i gcónaí iad siúd a bhfuil gá acu leis mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí maorlathacha, míbhainistíocht, nó easpa formhaoirseachta cuí.

**Éilliú i dTíortha is Faighteoirí** – i gcásanna áirithe, is féidir le hoifigigh éillitheacha nó daoine den scothaicme cabhair a atreorú, rud a d'fhágfadh nach rachadh sí chun tairbhe don phobal i gcoitinne.

**Costais Riaracháin** – féadfar cuid mhór den chabhair a chaitheamh ar fhorchostais, ar chomhairleoirí, nó ar eagraíochtaí neamhrialtasacha seachas í a bheith ag dul chun tairbhe go díreach do na daoine atá i ngátar.

**Fadhbanna Polaitíochta agus Straitéise**

**Easpa Tionchair Fhadtéarmaigh** – soláthraíonn roinnt clár cabhrach faoiseamh gearrthéarmach, ach ní thugann siad aghaidh ar bhunchúiseanna na bochtaineachta, rud a fhágann go mbíonn spleáchas leanúnach ann.

**Ionramháil Pholaitiúil a d'fhéadfadh a bheith ann** – is féidir le rialtais is faighteoirí cabhair a úsáid chun a rialú polaitiúil féin a neartú seachas rialachas nó daonlathas a fheabhsú.

**Ceisteanna Geopholaitiúla** – mura bhfuil cabhair spriocdhírithe go maith nó ailínithe le hiarrachtaí idirnáisiúnta, d'fhéadfadh sí teannas a chruthú idir tíortha bronntacha agus tíortha is faighteoirí.

**Tuairimí an Phobail / Toil Pholaitiúil in Éirinn**

**Tacaíocht Phoiblí Theoranta** – má bhraitheann cáiníocóirí na hÉireann go bhfuil caiteachas cabhrach iomarcach nó neamhéifeachtach, d'fhéadfadh frithfhreagairt pholaitiúil a bheith mar thoradh air.

**Tosaíochtaí ag athrú** – d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra cabhair eachtrach atá ag dul i méid a dhlisteanú de bharr cor chun donais nó géarchéimeanna geilleagracha in Éirinn.

**Éagothroime a mheastar a bheith ann** – d'fhéadfadh roinnt daoine a mhaíomh gur cheart cabhair a dhíriú ar ghrúpaí leochaileacha in Éirinn sula méadófar an cúnamh thar lear.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Baineann Rialtais sna Tíortha Tearcfhorbartha (LDCs) a fhaigheann an cúnamh seo úsáid as chun sochair a gcuid saoránach.<br>Mol dhá bheart is féidir leis na rialtais sin a dhéanamh chun leas a gcuid saoránach a fheabhsú.<br><br>**Forbairt Bonneagair -** trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar riachtanach amhail córais uisce ghlain, saoráidí sláintíochta agus bóithre, is féidir feabhas mór a chur ar an tsláinte phoiblí agus ar an rochtain ar mhargaí. Chuirfeadh sé sin feabhas ar cháilíocht bheatha na saoránach, chuirfeadh sé fás geilleagrach chun cinn, agus d'éascódh sé rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.<br><br>**Oideachas agus oiliúint scileanna -** trí chistí a leithdháileadh ar an oideachas, lena n-áirítear an bhunoiliúint agus an ghairmoiliúint, is féidir saoránaigh a bhfuil scileanna bunriachtanacha acu a chumhachtú. D'fhéadfadh deiseanna fostaíochta feabhsaithe, leibhéil ioncaim níos airde, agus forbairt gheilleagrach fhoriomlán níos fearr a bheith mar thoradh air sin, rud a chuideodh le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh.<br><br>**Cúram Sláinte -** rochtain ar ospidéil, clinicí agus soláthairtí leighis a leathnú chun galair a laghdú agus ionchas saoil a fheabhsú. Is féidir le hinfheistiú in uisce glan agus i sláintíocht scaipeadh tinnis a chosc freisin.<br><br>**Cruthú Post -** tacú le gnólachtaí áitiúla, infheistíocht a dhéanamh sa talmhaíocht, agus tionscail a chruthaíonn fostaíocht a spreagadh, rud a dhéanann spleáchas ar chabhair a laghdú agus forbairt fhadtéarmach a chothú. | **10**<br>**1ú @ 6**<br>**2ú @ 4** |

**(c)** **23**

Baineadh na sonraí thíos as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) na hÉireann in 2003 agus 2022. Arna chur in oiriúint ó hdr.undp.org

| Éire | 2003 | 2022 |
|---|---|---|
| Ollioncam Náisiúnta Per Capita (US $) | 44,194 | 87,467 |
| Ionchas Saoil tráth Breithe (i mblianta) | 77.6 | 82.7 |
| Ionchas na mBlianta Scolaíochta (ina mblianta) | 16.8 | 19.1 |
| **Figiúir IFD** | **0.87** | **0.95** |

**(i)** Bunaithe ar na sonraí sa tábla thuas, luaigh cé acu an atá staid IFD na hÉireann imithe i bhfeabhas nó in olcas. Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra. **13**

| Imithe i bhfeabhas | Imithe in olcas |
|---|---|
| ✓ | |

Tá **feabhas tagtha** ar sheasamh IFD na hÉireann de réir mar a mhéadaigh a bhfigiúr IFD ó 0.87 sa bhliain 2003 go dtí 0.95 sa bhliain 2022. Dá airde an figiúr IFD is amhlaidh is fearr é do thír.

Glac le tagairt cheart do luachanna eile atá ag feabhsú freisin, is é sin, tá méadú tagtha ar OTN / tá feabhas tagtha ar ionchas saoil / tá daoine ag caitheamh níos mó ama san oideachas.

**Méadaithe + tagairt do 2 fhigiúr**

**(ii)** Mol beart amháin is féidir le tír a dhéanamh chun cabhrú léi a scór IFD a fheabhsú. **10**

**Rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú –** trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cúraim sláinte, infhaighteacht seirbhísí leighis a mhéadú, agus cumhdach sláinte uilíoch a chur chun feidhme, is féidir feabhas a chur ar ionchas saoil agus rátaí básmhaireachta a laghdú.

**Feabhas a chur ar dheiseanna oideachais –** trí rochtain ar oideachas ardchaighdeáin a leathnú ar gach leibhéal, lena n-áirítear oideachas luath-óige, is féidir borradh a chur faoi rátaí litearthachta agus faoi ghnóthachtáil oideachais. Is féidir le cláir ghairmoiliúna cuidiú leis an lucht saothair scileanna ábhartha a fhorbairt freisin, rud a chuirfidh feabhas ar an infhostaitheacht.

**Borradh a chur faoin bhfás geilleagrach –** trí bheartais a chur chun feidhme lena gcuirtear fás geilleagrach chun cinn, amhail infheistíocht i mbonneagar a spreagadh, tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus fiontraíocht a chothú, is féidir leibhéil ioncaim a mhéadú agus bochtaineacht a laghdú.

**Comhionannas inscne a chur chun cinn –** trí rochtain chomhionann ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar dheiseanna geilleagracha a chinntiú do mhná, is féidir difear mór a dhéanamh do scóir IFD.

**Cláir um chosaint shóisialta –** trí líontáin sábhála shóisialta a bhunú, amhail sochair dhífhostaíochta, pinsin, agus cláir um chúnamh bia, is féidir pobail leochaileacha a chosaint agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú.

## Ceist 15

| | | Freagraí Féideartha | Uas mharc |
|---|---|---|---|
| (a)<br><br>24 | | Tá fiontraithe ríthábhachtach ionas go mbeidh rath ar gheilleagar na hÉireann. Bíonn fás leanúnach ár ngeilleagair ag brath go mór ar fhiontraithe.<br><br>Arna chur in oiriúint ó enterprise.gov.ie | |
| | (i) | Mínigh an téarma **fiontraí**.<br><br>Is duine aonair é fiontraí a shainaithníonn riachtanas sa mhargadh agus a chuireann sé chuige / a ghlacann an riosca chun gnó a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin trí na tosca táirgeachta a eagrú (earra nó seirbhís a sholáthar) agus é mar aidhm brabús a dhéanamh. | 10 |
| | (ii) | Ní mór d'fhiontraithe a gcostais táirgeachta a choinneáil faoi smacht.<br>An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas sin?<br>Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra.<br><br>**Aontaím**: ✓ — **Ní aontaím**: <br><br>Ní mór d'fhiontraithe a gcostais a rialú ionas gur féidir leo brabús leordhóthanach a dhéanamh san fhadtéarma agus fanacht i mbun gnó.<br>Gan bhrabús, ní bheidh an ghnólacht inbhuanaithe. | 4 |
| | (iii) | Dhún níos mó ná 570 bialann, caifé agus gnólacht bia eile a ndoirse go buan le bliain anuas agus tá fiontraithe ag fágáil tionscal an fháilteachais.<br><br>Arna chur in oiriúint ón irishexaminer.com<br><br>Pléigh tionchar amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt seo ar **phobail áitiúla**.<br><br>**Meath geilleagrach –** is minic a bhíonn geilleagair áitiúla ag brath ar ghnólachtaí fáilteachais le haghaidh ioncaim. D'fhéadfadh laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach a bheith mar thoradh ar a ndúnadh, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthróirí áitiúla agus caiteachas foriomlán sa phobal a laghdú.<br><br>**Caillteanais post –** cuireann gnólachtaí fáilteachais go leor post ar fáil. D'fhéadfadh dífhostaíocht nach beag a bheith mar thoradh ar a ndúnadh, rud a d'fhéadfadh brú airgeadais a chur ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh sa phobal.<br><br>**Turasóireacht laghdaithe –** meallann gnólachtaí fáilteachais turasóirí, agus is féidir lena ndúnadh cuairteoirí a dhíspreagadh, rud a fhágann go mbeadh laghdú ar ioncam a bhaineann leis an turasóireacht don cheantar.<br><br>**Míchaoithiúlacht** – beidh ar thomhaltóirí taisteal níos faide anois chun leas a bhaint as seirbhísí fáilteachais. | 10 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br>**30** | | Tá sé tuartha go bhfásfaidh daonra na hÉireann go 5.9 milliún faoin mbliain 2030.<br>Arna chur in oiriúint ó the Irish Times<br><br>Sa léaráid thíos, taispeántar cuar éilimh an mhargaidh agus cuar soláthair an mhargaidh do thithíocht in Éirinn. | |




| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(i)** | Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar ag an méadú atá tuartha ar an daonra ar an éileamh ar thithíocht. Taispeáin tionchar na forbartha seo ar **an léaráid thuas.**<br><br>• Aistríonn an cuar éilimh ar dheis ($D_1$).<br>• Méadú ar chainníocht na cothromaíochta ($Q_1$).<br>• Méadú ar chostas na cothromaíochta ($P_1$). | **14**<br>**8+4+2** |
| | **(ii)** | **Mínigh** do fhreagra.<br><br>• Mar thoradh ar an méadú ar an daonra, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar thithíocht toisc go mbeidh níos mó daoine toilteanach agus ábalta tithe a cheannach.<br>• Aistreoidh an cuar soláthair ar dheis (D go $D_1$).<br>• Leis sin, méadófar an praghas go $P_1$<br>• méadófar an Chainníocht go $Q_1$. | **10** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tugadh srianta isteach i mí Mheán Fómhair 2024 a chuir teorainn ar charranna thar phointe áirithe ar na Céanna i lár chathair Bhaile Átha Cliath.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar thionchar dearfach amháin **nó** ar thionchar diúltach amháin a bhaineann leis an mbeart thuas orthu siúd a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath.<br><br>Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra.<br><br>**Éifeachtaí Dearfacha**<br><br>**Éifeachtúlacht iompair phoiblí fheabhsaithe**<br>Tá laghdú níos mó ná 20% tagtha ar amanna turais bus ar bhealaí, lena n-áirítear na Céanna Thuaidh agus Theas, rud a théann chun tairbhe do chomaitéirí a bhíonn ag brath ar iompar poiblí.<br><br>**Plódú Tráchta Laghdaithe**<br>Tá laghdú 60% tagtha ar ghluaisteáin phríobháideacha a úsáideann na Céanna, rud a fhágann go bhfuil sreabhadh tráchta níos rianúla agus níos lú brú tráchta i lár na cathrach.<br><br>**Cáilíocht Aeir Fheabhsaithe**<br>Is dócha go gcuirfidh an laghdú ar an líon feithiclí le hastaíochtaí níos ísle, rud a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an aeir dóibh siúd atá ina gcónaí sa chathair agus a thugann cuairt uirthi.<br><br>**Níos Mó Custaiméirí**<br>Tugann tuairiscí le fios go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcustaiméirí i lár na cathrach, rud a léiríonn timpeallacht níos oiriúnaí do choisithe.<br><br>**Éifeachtaí Diúltacha**<br><br>**Tionchar ar mhiondíoltóirí / ar ghnólachtaí**<br>Chuir roinnt miondíoltóirí imní in iúl faoi laghdú ar ghníomhaíocht ghnó, agus thuairiscigh carrchlóis áirithe i lár na cathrach laghdú 10-15% ar thréchur.<br><br>**Atreorú tráchta go háiteanna cóngaracha**<br>Tá tuairiscí ann maidir le trácht méadaithe i gceantair chomharsanachta amhail Baile Phib agus Droim Chonrach, de réir mar a lorgaíonn tiománaithe bealaí malartacha.<br><br>**Dúshláin d'úsáideoirí carranna**<br>Bhí deacrachtaí ag tiománaithe dul in oiriúint do na srianta nua, rud a d'fhág go raibh imní orthu faoi phlódú méadaithe le linn buaicamanna, go háirithe maidir le filleadh na scoileanna.<br><br>**Fadhbanna Forfheidhmithe**<br>Dúshláin ag an tús maidir leis na rialacha nua tráchta a fhorfheidhmiú, agus neamhaird á déanamh ag roinnt tiománaithe ar shrianta mar gheall ar easpa forfheidhmithe infheicthe. | 6 |

**(c)**

**21**

Tugtar sa ghrafaic eolais thíos breac-chuntas ar fhiachas an rialtais agus ar fhiachas an rialtais in aghaidh an duine in 2022 agus 2023. Tá fiachas foriomlán an rialtais agus fiachas in aghaidh an duine **ag laghdú**.




Foinse: CSO

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar shochar eacnamaíochta amháin a bhaineann leis an laghdú seo san fhiachas foriomlán do **gach ceann** acu seo a leanas:

- rialtas na hÉireann; agus
- saoránaigh in Éirinn.

**14**
**1ú x 8**
**2ú x 6**

**Rialtas na hÉireann**

**Cobhsaíocht fhioscach fheabhsaithe –** cuireann leibhéil fiachais níos ísle le cobhsaíocht airgeadais an rialtais, rud a fhágann nach bhfuil sé chomh leochaileach céanna i leith suaití geilleagracha. Is féidir leis an gcobhsaíocht sin muinín infheisteoirí a chothú agus d’fhéadfadh costais iasachtaíochta a bheith níos ísle.

**Solúbthacht fhioscach mhéadaithe –** le fiachas laghdaithe, tá níos mó spáis ag an rialtas acmhainní a leithdháileadh ar sheirbhísí riachtanacha agus ar thionscadail bhonneagair, seachas aisíocaíochtaí arda fiachais a sheirbhísiú.

**Rátáil chreidmheasa fheabhsaithe –** is féidir le cóimheas fiachais-OTI níos ísle rátáil chreidmheasa na hÉireann a fheabhsú, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le rátaí úis níos ísle ar iasachtaí amach anseo, rud a shábhálfaidh airgead na gcáiníocóirí san fhadtéarma.

**Cumas feabhsaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna geilleagracha –** tríd an bhfiachas a laghdú cruthaítear maolán, rud a chuireann ar chumas an rialtais freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do chor chun donais nó d’éigeandálaí geilleagracha gan brú láithreach a bheith ar aisíocaíochtaí arda fiachais.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | **Saoránaigh in Éirinn**<br><br>**Cánacha níos ísle –** de réir mar a laghdaíonn fiachas an rialtais, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá níos lú le cánacha arda chun íocaíochtaí úis a chumhdach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le faoiseamh cánach do shaoránaigh.<br><br>**Seirbhísí poiblí feabhsaithe –** agus níos mó acmhainní ar fáil mar thoradh ar oibleagáidí fiachais níos ísle, is féidir leis an rialtas infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí poiblí níos fearr, amhail cúram sláinte, oideachas agus bonneagar, a théann chun tairbhe go díreach do shaoránaigh.<br><br>**Fás geilleagrach –** is féidir le hualach fiachais níos ísle fás geilleagrach a spreagadh, rud a chuireann le cruthú post agus deiseanna méadaithe do shaoránaigh.<br><br>**Muinín mhéadaithe –** is féidir le timpeallacht fhioscach chobhsaí borradh a chur faoi mhuinín tomhaltóirí agus gnólachtaí, rud a spreagann caiteachas agus infheistíocht laistigh den gheilleagar. | |
| | **(ii)** | Féachtar ar gheilleagar na hÉireann mar gheilleagar measctha.<br>Mínigh an téarma **geilleagar measctha**.<br><br>Is éard is geilleagar measctha ann geilleagar ina gcomhcheanglaítear gnéithe de chórais gheilleagracha atá pleanáilte go lárnach agus de chórais gheilleagracha saorfhiontraíochta<br>Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí ann.<br>Cé gur gnólachtaí príobháideacha a tháirgeann formhór na n-earraí agus na seirbhísí, tá méid mór rannpháirtíochta ag an rialtas fós.<br>Is sampla de gheilleagar measctha í Éire. | 7 |

# Ceist 16

| | | Freagraí Féideartha | Uas mharc |
|---|---|---|---|
| (a) 22 | | I mBuiséad 2025 d'fhógair an rialtas ardú €1 i ndleacht mháil agus CBL ar phacáiste 20 toitín. www.gov.ie | |
| | (i) | Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu samplaí iad dleacht mháil agus CBL de cháin dhíreach **nó** de cháin indíreach. Mínigh do rogha.<br><br>Cáin dhíreach: <br>Cáin indíreach: ✓<br><br>Is cáin indíreach í dleacht mháil toisc go dtoibhítear í ar earraí agus ar sheirbhísí seachas ar ioncam duine. | 4 |
| | (ii) | Gearrtar dleacht mháil ar earraí áirithe amhail alcól, tobac agus peitreal.<br><br>Mínigh cúis amháin a ngearrann an rialtas cánacha ar earraí amhail alcól agus toitíní.<br><br>**Tomhaltas a dhíspreagadh –** gineann na hearraí sin seachtrachtaí diúltacha agus meastar go ndéanann siad díobháil don tsochaí. Trí chánacha a chur ar na hearraí seo, is féidir leis an rialtas iarracht a dhéanamh tomhaltóirí a dhíspreagadh óna gceannach, agus ar an gcaoi sin dul níos gaire don chothromaíocht a theastaíonn ón tsochaí.<br><br>**Soláthraíonn sé ioncam don rialtas / maoiníonn sé gníomhaíochtaí rialtais –** éilíonn an rialtas ioncam cánach chun oibriú laethúil na tíre a mhaoiniú m.sh. cosaint, póilíneacht srl.<br><br>**Seirbhísí poiblí a sholáthar –** teastaíonn ioncam cánach ón rialtas chun na seirbhísí sin a sholáthar, amhail cúram sláinte, scoileanna srl. atá bunriachtanach do shaoránaigh.<br><br>**Cuidiú chun rachmas a athdháileadh –** is féidir leis an rialtas an cánachas a bhailítear i bhfoirm íocaíochtaí leasa shóisialaigh a athdháileadh ar na saoránaigh sin a dteastaíonn sé uathu m.sh. pinsin seanaoise, liúntais tuismitheora aonair srl.<br><br>**Earraí neamhleaisteacha a phraghsáil** – is iondúil go mbíonn na hearraí sin andúileach nó go mbíonn éileamh neamhleaisteach ó thaobh praghais de ag baint leo. Fágann sé sin, má chuireann an rialtas cánacha ar na hearraí seo, go gceannóidh daoine aonair iad fós, rud a chuirfeadh le hioncam méadaithe don rialtas. | 10 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar thionchar **diúltach** amháin ar gheilleagar na hÉireann má leanann sé de bheith ag ardú an ráta CBL ar alcól agus ar thobac.<br><br>**Cúlchéimnitheach –** méadóidh na méaduithe cánach sin na costais ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Fágfaidh sé sin go mbeidh níos lú ioncaim indiúscartha acu.<br><br>**Boilsciú –** le CBL méadaithe, méadófar praghsanna na n-earraí sin, rud a d'fhéadfadh boilsciú a mhéadú.<br><br>**Siopadóireacht trasteorann agus caillteanas ioncaim –** féadfaidh tomhaltóirí taisteal go Tuaisceart Éireann chun alcól agus tobac níos saoire a cheannach, rud a dhéanfadh díolacháin intíre agus ioncam cánach sa Phoblacht a laghdú.<br><br>**Fás an gheilleagair fholaithe –** d'fhéadfadh rátaí CBL níos airde smuigleáil agus díolacháin neamhdhleathacha alcóil agus tobaic a spreagadh. D'fhéadfadh an rialtas ioncam cánach a chailleadh de réir mar a fhásann trádáil aindleathach.<br><br>**Tionchar ar earnálacha an fháilteachais agus an mhiondíola –** d'fhéadfadh sé go mbeadh tithe tábhairne, bialanna agus eischeadúnais thíos le díolacháin atá ag laghdú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanas post.<br><br>**Ioncam cánach laghdaithe san fhadtéarma –** cé go méadaíonn méaduithe CBL ioncam ar dtús, d'fhéadfadh ioncam cánach foriomlán níos ísle a bheith mar thoradh ar dhíolacháin atá ag laghdú le himeacht ama. | **8** |

**(b)**

**29**

Sa chairt thíos léirítear an t-athrú céatadánach bliantúil ar PIT (CPI i mBéarla) na hÉireann i mboilsciú praghsanna ó mhí na Bealtaine 2024 go mí Mheán Fómhair 2024.




Arna chur in oiriúint ó cso.ie

**(i)** Cad dó a seasanna litreacha PIT? Tá **I** déanta cheana féin chun cuidiú leat.

**5**
**1ú @ 3**
**2ú @ 2**

| Praghas | -innéacs | Tomhaltóirí |
|---|---|---|

**(ii)** Úsáid figiúirí ón gcairt thuas agus sainaithin treocht fhoriomlán an bhoilscithe i bpraghsanna in Éirinn idir mí na Bealtaine 2024 agus mí Mheán Fómhair 2024.

**12**

Ó mhí Bealtaine 2024 go dtí mí Mheán Fómhair 2024 tháinig **laghdú** [8] ar an athrú céatadáin bliantúil i mboilsciú. Bhí an ráta bliantúil boilscithe CPI is airde i mí Bealtaine 2024 ag thart ar 2.6% [2] agus shroich sé an figiúr is ísle ag thart ar 0.7% i mí Mheán Fómhair 2024 [2] – laghdú 1.9%.

**(iii)** Pléigh dhá thionchar eacnamaíochta ag **laghdú i mboilsciú praghsanna** ar **thomhaltóirí** na hÉireann.

**12**
**1ú @ 8**
**2ú @ 4**

**Méadú ar chumhacht ceannaigh –** nuair a thiteann boilsciú, tagann moill ar an ráta ag a dtagann méadú ar phraghsanna, rud a fhágann go n-éiríonn earraí agus seirbhísí níos inacmhainne i gcoibhneas le hioncaim.

**Laghdú ar an mbochtaineacht –** ba cheart go gcuirfeadh praghsanna a thiteann ar earraí riachtanais ar chumas daoine a mbunriachtanais a chlúdach níos mó, agus ar an gcaoi sin an fhíorbhochtaineacht a laghdú.

**Muinín fheabhsaithe do thomhaltóirí -** is féidir le boilsciú níos ísle cobhsaíocht a chruthú, agus tomhaltóirí a spreagadh chun gealltanais airgeadais fhadtéarmacha a dhéanamh amhail tithe a cheannach nó infheistíocht a dhéanamh san oideachas.

**Éileamh laghdaithe ar mhéaduithe pá –** agus cumhacht ceannaigh méadaithe acu, d'fhéadfadh oibrithe a n-éileamh ar mhéaduithe pá a mhaolú.

**Caillteanais post a d'fhéadfadh a bheith ann –** má bhíonn ionchais díbhoilscithe (laghduithe iarbhír ar phraghsanna) mar thoradh ar bhoilsciú atá ag titim, d'fhéadfadh tomhaltóirí moill a chur ar cheannacháin, agus praghsanna níos ísle a réamh-mheas amach anseo. D'fhéadfadh caillteanais post a bheith mar thoradh air sin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>24 | | Tá gá le ciorruithe móra in astaíochtaí carbóin chomh luath agus is féidir chun an riosca a sheachaint nach mbeifí in ann maireachtáil ar an bpláinéad sa chéad seo.<br>Clár Comhshaoil na NA (UN) | |
| | **(i)** | Sainaithin beart amháin a d'fhéadfadh **gach** ceann de na hearnálacha thíos de gheilleagar na hÉireann a dhéanamh chun na hiarmhairtí a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú. Cosain do fhreagra. | 12<br>2 @ 6 |
| | | **An Earnáil Talmhaíochta**<br><br>**Cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a ghlacadh –** talmhaíocht bheacht a úsáid chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uisce, leasacháin agus lotnaidicídí, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus díobháil don chomhshaol a laghdú.<br><br>**Athfhoraoisiú a chur chun cinn –** crainn a chur ar thalamh feirme, bithéagsúlacht a fheabhsú, agus sláinte ithreach a fheabhsú.<br><br>**Aistriú chuig córais beostoic astaíochtaí ísle –** athruithe cothaithe a chur chun feidhme do bheostoc, amhail breiseáin bheathaithe lena laghdaítear meatán a chur leis, agus feabhas a chur ar chórais bainistithe aoiligh chun astaíochtaí meatáin a laghdú.<br><br>**Feirmeoireacht orgánach a spreagadh –** spleáchas ar cheimiceáin shintéiseacha a laghdú agus modhanna nádúrtha nach bhfuil chomh díobhálach céanna d'éiceachórais a chur chun cinn.<br><br>**Infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh in-athnuaite –** is féidir le feirmeoirí painéil ghréine nó tuirbíní gaoithe a shuiteáil chun a bhfeirmeacha a chumhachtú agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.<br><br>**An Earnáil Tionsclaíochta**<br><br>**Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú –** trealamh agus próisis a uasghrádú chun ídiú fuinnimh a laghdú, amhail innealra atá tíosach ar fhuinneamh agus soilsiú LED a úsáid i monarchana.<br><br>**Cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh –** dramhaíl a íoslaghdú trí ábhair a athchúrsáil, táirgí a athúsáid, agus earraí a dhearadh ar feadh saolré níos faide.<br><br>**Aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite –** aistriú ó bhreoslaí iontaise go grianfhuinneamh, fuinneamh gaoithe nó foinsí fuinnimh in-athnuaite eile chun oibríochtaí tionsclaíocha a chumhachtú.<br><br>**Astaíochtaí a laghdú tríd an nuálaíocht –** infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin chun astaíochtaí tionsclaíocha $CO_2$ a íoslaghdú.<br><br>**Slabhraí soláthair inbhuanaithe a chur chun feidhme –** faigh ábhair go háitiúil chun astaíochtaí iompair a laghdú agus oibriú le soláthróirí a leanann cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. | |
| | | **Cosain do fhreagra.**<br><br>Cuideoidh aon cheann de na bearta thuas lenár ngeilleagar a dhéanamh níos inbhuanaithe; cur amú acmhainní ganna a laghdú. Cuideoidh siad lena chinntiú go maolófar éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide agus cuideoidh siad lenár bpláinéad a chosaint do na glúnta atá le teacht. | 6 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Ceann de na haidhmeanna atá ag rialtas na hÉireann ná **Forbairt Réigiúnach Chothrom** a chur chun cinn ar fud na hÉireann.<br><br>Mol beart amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cuidiú leis an aidhm seo a bhaint amach.<br><br>**Infheistíocht i mBonneagar Réigiúnach**<br>**Iompar –** gréasáin iompair a fhorbairt agus a fheabhsú (m.sh. bóithre, iarnród agus idirthuras poiblí) i réigiúin bheagfhorbartha chun nascacht agus inrochtaineacht a fheabhsú.<br>**Bonneagar Digiteach –** leathanbhanda ardluais a leathnú chuig ceantair tuaithe chun tacú leis an gcianobair agus chun gnólachtaí a mhealladh.<br><br>**Oifigí / seirbhísí rialtais a athlonnú** chuig bailte agus cathracha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a spreagfadh gníomhaíocht gheilleagrach sna ceantair seo.<br><br>**Forbairt fiontraíochta réigiúnaí a spreagadh**<br>Deontais, dreasachtaí cánach agus iasachtaí ar ús íseal a sholáthar do ghnólachtaí a bhunaíonn oibríochtaí i réigiúin thearcfhorbartha.<br>Tacú le moil réigiúnacha le haghaidh nuálaíochta, amhail páirceanna gnó agus ionaid teicneolaíochta, chun poist a chruthú agus fiontraíocht a chothú.<br><br>**Deiseanna oideachais agus oiliúna a fheabhsú**<br>Infheistiú i saoráidí ardoideachais agus oiliúna i gceantair réigiúnacha, ag tairiscint cúrsaí atá ailínithe le tionscail áitiúla chun tallann a choinneáil agus a mhealladh.<br><br>**Turasóireacht i gceantair a dtugtar níos lú cuairteanna orthu a chur chun cinn**<br>Díol spéise do thurasóirí a fhorbairt agus a mhargú i réigiúin tuaithe agus thearcfhorbartha, poist a chruthú agus borradh a chur faoi gheilleagair áitiúla.<br><br>**Pleanáil agus comhar réigiúnach a chothú**<br>Comhairlí réigiúnacha agus údaráis phleanála a neartú chun straitéisí comhtháite forbartha a chinntiú a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais gach ceantair.<br><br>**Tithíocht agus seirbhísí inacmhainne a chur ar fáil**<br>Tacú le tithíocht inacmhainne a thógáil agus feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte, ar chúram leanaí agus ar shaoráidí áineasa i gceantair réigiúnacha chun áiteanna tarraingteacha cónaithe a dhéanamh díobh. | **6** |

# *Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire*

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**
**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá** | Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas.<br>Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach.<br>Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.<br>Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc.<br>Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI.<br>Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br>Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br>Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.<br>Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Fianaise ar shonraí: 5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **An-mhaith**<br>**8-10** | **Maith**<br>**6-7** | **Réasúnta**<br>**4-5** | **Lag**<br>**0-3** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin. | Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Léirmhíniú & Luacháil** | Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear.<br>Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde.<br>I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. | Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais.<br>Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.<br>Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna. | Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta. | Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha. | An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil. | Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí** | Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán. | Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta. | Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir.<br>Beagán fianaise. | Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir. |
| **marc iomlán an Phróiseas Taighde** | **31-40** | **21-30** | **11-20** | **0-10** |

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luacháil bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric.<br><br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach.<br><br>Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí.<br><br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luacháil an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric.<br><br>Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br><br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe.<br>Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br><br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach.<br>Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **16-20** | **12-15** | **8-11** | **0-7** |
| **Machnamh** | Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil. Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim.<br>Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP.<br><br>Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br><br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor. Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP.<br><br>Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht.<br><br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br><br>Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd.<br><br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra.<br><br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **12-15** | **9-11** | **6-8** | **0-5** |